

## IX

### Liosta Moltaí

---

#### III. Pleanáil i gcomhair Socruithe Pátrúnachta Amach Anseo

##### Pobalscoileanna Náisiúnta

Molann an Grúpa Comhairleach go leanfaí leis an scéim phíolótach agus go mba mhaith an chomhairle é boird bhainistíochta a bhunú laistigh de na scoileanna seo, rud atá ina riachtanas faoin Acht Oideachais, 1998.

##### Socruithe do Scoileanna Comhchampais

Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaí machnamh gníomhach ar an gcoincheap seo (comhchampas) nuair atáthar ag déanamh cinntí faoi phátrúnacht scoileanna.

#### IV. Pátrúnacht Scoileanna a Dhífheistiú

##### Sprioc 2 Pátrúnacht a Dhífheistiú ó na Pátrúin Atá Ann Cheana i gCeantair a bhfuil Daonra Cobhsaí iontu

##### Céim a hAon

I gcásanna ina bhfuil an Roinn tar éis gá féideartha le hathrú pátrúnachta a shainaithint, molann an Grúpa Comhairleach go nglacfaí cur chuige a bheadh bunaithe ar an scoilcheantar nó ar an dúiche. Ní bheadh sé críonna díriú ar scoil nó pobal ar leith gan machnamh leathan ar an soláthar foriomlán scoileanna sa cheantar agus ráiteas soiléir faoin gcaoi a rachaidh an t-athrú atá faoi chaibidil chun sochair don phobal ar fad. Tá sé práinneach go ndéanfaí gníomh maidir le dífheistiú. Ach ní den dea-chomhairle é cur chuige “big bang” ná réabhlóideach a ghlacadh. Sa chomhthéacs seo, is ceart go gcuirfí athrú pátrúnachta i gcrích i mbealach céimnithe diaidh ar ndiaidh.

##### Staid A Fianaise á Bailiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna

##### A 1 Na Daichead a Seacht Scoilcheantar

Molann an Grúpa Comhairleach, maidir le Céim a hAon, go ngabhaí obair ar láimh i 43 baile agus 4 cheantar i mBaile Átha Cliath. I gceist anseo beidh 18 ndeoise agus imscrúdú ar tuairim is 250 scoil, gur cosúil go ndífheisteofar

tuairim is 50 díobh.

## **A 2 Clár Chéadrogha do Thuismitheoirí Páistí Réamhscoile**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbunófaí clár de thuismitheoirí páistí réamhscoile a chuirfeadh in iúl cén cineál pátrúnachta scoile ba chéadrogha leo.

## **A 3 Céadroghanna Tuismitheoirí Páistí Atá ar Scoil a Thomhas**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an Roinn, arna tacú le saineolas speisialaithe, freagrach as an gceistneoir a chur le chéile agus a riar, agus as na sonraí a bhaileofar ón gceistneoir a anailísiú. Theastódh, dá bharr seo, go leithdháilfí foireann ó laistigh den ROS chun cabhrú leis an Rannóg Pleanála Chun Cinn leis an dtionscnamh seo. Dá mheasfaí go mbeadh sé níos costas-éifeachtaí, d'fhéadfaí é a sheachfhoinsiú go dtí grúpa speisialaithe, ar nós an Fhorais Taighde ar Oideachas.

Is ceart don Roinn tuairisc a chur le chéile faoi chéadroghanna tuismitheoirí i gcomhair gach uile cheann de na 47 scoilcheantar as an gclár céadroghanna do thuismitheoirí páistí réamhscoile agus as an suirbhé ceistneora de thuismitheoirí páistí atá ar scoil.

Molann an Grúpa Comhairleach go n-iarrfaí ar an bPríomh-Oifig Staidrimh bealach cuí a mhachnamh le ceist a chur isteach faoi chéadrogha maidir le cineál scoile, a bheadh mar fhorlíonadh ar an gclár do thuismitheoirí páistí réamhscoile. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh, b'fhéidir, tríd an daonáireamh nó trí shuirbhé ráithiúil náisiúnta teaghlaigh.

## **A 4 An téileamh ar Éagsúlacht faoi Láthair**

Áit a bhfuil fianaise an-suntasach ann cheana ar éileamh ar chineál nua scoile, is ceart don Roinn, i gcomhairle le pátrúin bhunaithe, tosaíocht a thabhairt dó seo i dtreo is go bhféadfar foirgneamh a chur ar fáil as an stoc scoileanna atá ann cheana. Molann an Grúpa Comhairleach nach bhfanfaí le Céim a hAon le cinneadh den sórt sin a dhéanamh, agus nach mbeadh sé ina chuid de phróiseas Chéim a hAon, ach go ndéanfaí beart ina leith a luaithe is féidir.

## **A 5 Clár Pátrún**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh ar phátrúin ionchasacha, gur mian leo bheith san áireamh ar an gclár, a léiriú go gcomhlíonann siad na critéir oiriúnachta, de réir mar atá leagtha amach ag an ROS. Is ceart dóibh freisin sainspiorad scoileanna faoina bpátrúnacht a shainmhíniú.

Is ceart feidhmiú éitis na scoile a athbhreithniú go tráthrialta le linn féinmheastóireachta na scoile, agus is ceart machnamh ar thuairimí a bhailiú agus ar thuairisciú, le linn cigireachtaí scoileanna, ar shástacht tuismitheoirí agus daltaí le feidhmiú éitis ráite na scoile.

## **Staid B            Roghanna á Soláthar ag na Pátrúin**

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh pátrúin raon roghanna do dhífheistiú ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna, tar éis dóibh dul i gcomhairle le pobail scoileanna.

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfí ar fáil i gcónaí do scoileanna atá gafa le cónasthaí an tacaíocht bhreise a thagann le cónasthaí dá leithéid chun cabhrú leis an bpróiseas trasdula.

Molann an Grúpa Comhairleach gur don Stát a aistreofaí foirgneamh scoile agus go gcinneadh an Stát ar an malairt pátrúnachta. Nótáiltear gur giorra go mór an próiseas é sealúchas a aistriú go dtí an Stát trí chomhaontuithe léasa ná úinéireacht shealúchais a dhífheistiú, rud gur féidir leis tamall fada a thógáil. Tá socruithe léasa sásúil go maith ag an Stát chun éascú le hathrú pátrúnachta.

Tá sé práinneach dul chun cinn a dhéanamh ar cheist an aistrithe. Molann an Grúpa Comhairleach go n-éileofaí ar gach pátrún Caitliceach tuairisc a chur faoi bhráid maidir leis an mbraisle scoileanna faoina údarás féin laistigh de shé mhí ó phointe comhaontaithe tosaigh. D'fhéadfadh obair ullmhúcháin a bheith ar siúl le linn Chéime A chomh maith os rud é go bhuil na 47 scoilcheantar sainaitheanta cheana ó 2010.

## **Staid C            Measúnacht á Déanamh ag an Roinn agus Cinneadh an Aire**

Dhéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna na roghanna a mheasúnú a bheadh faighte ó na 18 ndeoise maidir leis na 47 scoilcheantar. I bhfianaise na gcéadroghanna a bheadh taifeadta, thabharfaidh an Roinn a breith ar an bpátrún ab oiriúnaí don scoil dhífheistithe, nó is féidir go gcinneadh sí ar scoil a bhunú í féin. Chuirfeadh an Roinn tuairisc agus moltaí faoi bhráid lena mbreithniú ag an Aire.

## **Grúpa Comhairleach um Dhífheistiú**

Measann an Grúpa Comhairleach ag an bhFóram go bhfuil gá ann le grúpa neamhspleách chun cabhair agus bailíochtú a thabhairt don phróiseas dhífheistiú pátrúnachta. Is féidir go mba é rud a bheadh i gceist anseo ná bunú an Ghrúpa Chomhairligh um Dhífheistiú nó athmhúnlú an Ghrúpa um Bunú Scoileanna Nua, chun é a cur ar fáil do Chéim a hAon den phróiseas dhífheistiú pátrúnachta. Pé acu rogha a dhéantar, ní ceart go mbeadh an grúpa

seo gafa le caibidlíocht faoin dífheistiú ach ról comhairleach amháin a imirt ag Staid B.

### **I dTreo Céimeanna Eile Amach Anseo**

Is ceart go rachadh Céim a Dó ar aghaidh a luaithe is a bheidh dul chun cinn téagartha bainte amach maidir le Céim a hAon, agus a bheidh tuairisc ar Chéim a hAon curtha le chéile ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus a bheifear tar éis comhairle a ghlacadh leis na páirtithe leasmhara eile.

Ag Céim a Dó, agus ag céimeanna eile, moltar go gcuirfí san áireamh meascán de cheantair eile, ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe, agus d'fhéadfaí moltaí a lorg ó na Pátrúin ina leith seo. Measann an Grúpa Comhairleach go mbeidh sraitheog céimeanna ag teastáil má táthar chun tuilleadh éagsúlachta a chur ar fáil ar fud na tíre.

## **V. Bunscoileanna Gaeilge**

- Nótálann an Grúpa Comhairleach go bhfuil scoileanna a theagascann trí mheán na Gaeilge san áireamh i sainchúram na socruithe nua do phátrúnacht scoileanna a d'fhógair an tAire i Meitheamh 2011, agus fáiltíonn sé roimhe sin.
- Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an t-éileamh ó thuismitheoirí ar scoileanna Gaeilge ina chuid den anailís ar na 47 ceantar, a moltar i Rannán IV den Tuarascáil seo.
- Is ceart go gcuirfí eolas cruinn faoi scolaíocht trí mheán na Gaeilge ar fáil do na thuismitheoirí uile a bhfuiltear ag iarraidh a gcéadroghanna scoile a fháil amach, mar atá leagtha amach i Rannán IV .
- Aibhsíodh ag an bhFóram go dtosaíonn a lán Gaelscoileanna le bonn beag thuismitheoirí, ach go mbíonn rath orthu ina dhiaidh sin. Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaidh an ROS anailís ar phatrún an eispéiris sin, mar threoir le measúnacht a dhéanamh ar na hiarratais uile ar scoileanna dá leithéid amach anseo.
- Mar gheall ar thiomantais speisialta an Stáit maidir leis an nGaeilge, molann an Grúpa Comhairleach go gcoimeádfaí an rialachán reatha faoi sholúbthacht socruithe iompair do thuismitheoirí atá ag iarraidh rochtain ar Ghaelscoileanna, agus go gcuirfí leis áit a meastar gur cuí sin.
- Is ceart don ROS agus do na comhpháirtithe oideachais an fhéidearthacht a fhiosrú go mbeadh catagóir speisialta ar phainéal ath-implonaithe na múinteoirí chun éascú le Gaelscoileanna foireann a earcú atá inniúil go cuí sa Ghaeilge.

- Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaí coincheap an aonáin “Satailít” do scoil atá ag teacht chun cinn, faoi choimirce Gaelscoile seanbhunaithe, a phiólótú.

## **VI. An Scoil Saorsheasaimh**

### **Creatlach Thograithe do Phrótacal do Scoil Uileghabhálach**

Molann an Grúpa Comhairleach gur ceart don Roinn, tar éis di an chreatlach thograithe seo a bhreithniú, prótacal a eisiúint a thabharfaidh soiléireacht do scoileanna faoina freagracht as cearta páistí atá rollaithe sa scoil a chosaint, maidir le hoideachas religiúnach sainchreidimh agus le cleachtadh reiligiúnach. Is ceart go mbeadh eiseamláirí den dea-chleachtas i dteannta leis an bprótacal.

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh gach aon scoil an prótacal i ngníomh. Is ceart go bpléifí feidhmithe praiticiúla den phrótacal, go gcomhaontófaí iad agus go ndéanfaí iad a dhoiciméadú i ngach plean de chuid na scoile. Is den tábhacht é go measúnódh scoileanna a gcuid eispéireas i gcónaí agus go bhfanfaidís solúbtha i dtreo is go mbeidh siad in ann freagairt ar riachtanais a bheidh ag athrú amach anseo.

#### **P 1 Comhdhéanamh Bord Bainistíochta**

Molann an Grúpa Comhairleach go léireodh ballraíocht an bhoird éagsúlacht an phobail áitiúil, áit is féidir. D’fhéadfaí é seo a bhaint amach le ceapacháin ag an bpátrún, le toghadh ag tuismitheoirí nó le roghnú ionadaithe de chuid an phobail mhóir. Sa chomhthéacs seo, is den tábhacht é na critéir seo a leanas a chur sa chuntas:

- scileanna a bheith ag duine a chomhlánaíonn riachtanais scileanna an Bhoird
- suim san oideachas agus i gcur chun cinn an oideachais
- feasacht ar an ngá le cothromaíocht inscne a bheith ar an mBord
- tacú le héiteas cuimsitheachta a bheith sa scoil

#### **P 2 Measúnú Scoile Uile don Scoil Uileghabhálach**

Molann an Grúpa Comhairleach go gcuimseodh an Measúnú Scoile Uile an cleachtas maidir le héagsúlacht agus go gcuirfeadh sé roinnt ceisteanna maidir le héagsúlacht ar an gceistneoir do thuismitheoirí agus páistí.

### **P 3 Féinmheasúnacht don Scoil Uileghabhálach**

Molann an Grúpa Comhairleach go n-áireofaí ar ‘sraith nua’ ionstraimí féinmheasúnachta na Roinne an fhéinmheasúnacht maidir le riachtanais agus cleachtais éagsúlachta agus go n-áireodh sé ceisteanna faoin dtopaic seo do thuismitheoirí agus páistí.

### **P 4 Éiteas nó Sainspiorad na Scoile**

Molann an Grúpa Comhairleach go n-eiseodh an ROS treoirlínte/eiseamláirí faoin dea-chleachtas chun cabhrú le scoileanna an t-éiteas acu a mheasúnú, iad bunaithe ar eispéireas na Cigireachta agus ag tógáil leideanna as tionscnaimh de chuid Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha, Ag Foghlaim le Chéile agus grúpaí eile.

### **P 5 Rollú i Scoil Saorsheasaimh**

Tacaíonn an Grúpa Comhairleach le tuairim an Aire go bhfuil polasaithe cothromasacha rollaithe riachtanach chun cothroime agus éagsúlacht a bhaint amach. I gcás cuid de na scoileanna saorsheasaimh, ach go háirithe, nótáil an Grúpa go bhféadfadh an maolú san Acht um Stádas Comhionann, 2000, Alt 7(3)(c) bac a chur ar dhualgas na Roinne Oideachais agus Scoileanna oideachas a sholáthar do gach páiste. I bhfianaise na taithí atá faighte againn, b’fhéidir go mba cheart machnamh arís ar leasú a dhéanamh ar an maolú seo.

### **P 6 Pátrúnacht**

Molann an Grúpa Comhairleach, sa chás go bhfuil pobal scoile saorsheasaimh tar éis fianaise a bhailiú a léiríonn go bhfuil athrú pátrúnachta dlite, gur ceart go mbeadh próiseas ciúin machnamhach ann ina dhiaidh sin.

### **P 7 Oideachas Sainchreidmheach Reiligiúnach/Foirmiú Creidimh a Dhiúltú**

#### **7.1 An Bunreacht, Reachtaíocht agus Rialacha do Scoileanna Náisiúnta**

Molann an Grúpa Comhairleach go leasófaí an tAcht Oideachais, Alt 15 chun alt nua a chur isteach tar éis 15(2)(b), faoina mbeadh an Bord cuntasach do na tuismitheoirí i gcoitinne, as spiorad saineiúil na scoile a chosaint, agus, freisin, as cearta bunreachtúla tuismitheoirí agus páistí maidir le hoideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidimh a chosaint.

Molann an Grúpa Comhairleach go ndéanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a athbhreithniú agus a nuashonrú.

Molann an Grúpa Comhairleach go scriosfaí Riail 68 a luaithe is féidir, mar chéad chéim, agus de réir na tuairime ginearálta a léiríodh ag an bhFóram.

Chun cearta bunreachtúla agus dlíthiúla páistí agus tuismitheoirí a shoiléiriú agus chun athruithe ar na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a léiriú, molann an Grúpa Comhairleach go gcuirfeadh an tAire Oideachais agus Scileanna ar a súile do scoileanna riachtanais cearta daonna an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## **7.2 Na Treoirínte don Churaclam**

Molann an Grúpa Comhairleach go leasófaí Curaclam na Bunscoile chun a chinntiú go ndéanfar soláthar d'oideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidimh a mhúineadh mar ábhar scoite, bíodh is go bhfanfaidh an curaclam i gcoitinne comhtháite.

## **7.4 Roghanna Praiticiúla agus Roghanna Amchláir - Moltaí**

Molann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh boird bhainistíochta atá, nó a bheidh, b'fhéidir, ag freastal ar pháistí as cúlraí éagsúla sa scoil acu, polasaí scoile de réir Phrótacal Éagsúlachta na Roinne agus i gcomhairle le tuismitheoirí, faoi na bearta a chuirfidh an scoil ar bun chun a gcuid oibleagáidí i leith páistí agus tuismitheoirí a chomhlíonadh. Is ceart tuairimí agus moltaí na bpáistí a chur san áireamh freisin.

## **VII. Nithe atá mar Bhun leis an Éagsúlacht sna Scoileanna Uile**

### **P 8 Oideachas Sainchreidmheach Reiligiúnach**

Molann an Grúpa Comhairleach nach gcuirfeadh ullmhú do na sacraimintí, ná oideachas do dheasghnátha reiligiúnacha córas creidimh eile, isteach ar an am atá leithdháilte don churaclam ginearálta agus molann sé pléanna leanúnacha le tuismitheoirí agus leis an gcléir maidir le ról an pharóiste san ullmhú do na sacraimintí.

### **P 9 Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Eitic**

Is í tuairim an Ghrúpa Chomhairligh go bhfuil sé de cheart ag gach aon pháiste Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Oideachas faoin Eitic a fháil agus gur ar an Stát atá an dualgas a chinntiú go gcuirtear iad seo ar fáil.

Iarrann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh an CNCM, le cabhair ó na compháirtithe oideachais agus gan dearmad a dhéanamh ar na cláir atá ann cheana, treoirlínte don churaclam agus treoirlínte do mhúinteoirí don Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic, de réir Prionsabal Toledo, an RedCo, agus Primary Review Cambridge.

Tá an Grúpa Comhairleach buartha, ach go háirithe, faoi na páistí sin nach nglacann páirt i gcláir reiligiúnacha i scoileanna sainchreidmheacha. Is féidir leo gabháil tríd an mbunscolaíocht gan aon Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic a fháil. Tá na cláir atá molta san Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic thar a bheith tábhachtach i gcás na bpáistí seo.

I gcás páistí eile, áit a ndéanann cláir atá ann cheana soláthar do roinnt Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic, is féidir leis na cláir CNCM atá molta bheith forlíontach agus is féidir bheith solúbtha faoin méid de na cláir nua a chuirfear ar fáil laistigh den soláthar atá ann cheana san amhlár.

Beidh dualgas ar gach Comhlacht Pátrúnachta an soláthar atá déanta aige sa réimse seo a imscrúdú i bhfianaise na gclár Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic agus beidh orthu Cigireacht an Stáit a shásamh go bhfuiltear ag déanamh soláthair chuí sa réimse seo. Níl sé i gceist ar chor ar bith na cláir Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic a chur in áit an oideachais don fhoirmiú creidimh i scoileanna sainchreidmheacha.



## **P 10 Déantúsáin Reiligiúnacha, Ceiliúrthaí agus Nithe Eile Neamhtheagasctha**

Molann an Grúpa Comhairleach go bhforbródh boird bhainistíochta polasaí scoile, arna thacú ag treoirlínte ón Roinn, faoi cheiliúrthaí reiligiúnacha agus cultúrtha ina gcuid scoileanna. Is ceart do bhoird a chinntiú go mbíonn ceiliúrthaí cuimsitheach, oideachasúil agus urramach do thraidisiúin éagsúla na bpáistí ina gcuid scoileanna.

Molann an Grúpa Comhairleach gur ar an mbord bainistíochta a bheadh an fhreagracht polasaí a fhorbairt faoi thaispeáint oideachasúil na ndéantúsán reiligiúnach agus neamhreiligiúnach agus na saothar ealaíne i scoil. Ní ceart do thaispeántais den sórt sin bheith bainteach go heisiach le haon chreideamh nó traidisiún amháin ach is ceart go mbeadh cothromaíocht acu a léireodh creidiúintí na bpáistí ata ag freastal ar na scoileanna. Chun oideachas a chur ar pháistí faoi chreidiúintí an phobail mhóir, is ceart brí reiligiúnach nó cultúrtha dealbh agus déantúsán eile a mhíniú.

Molann an Grúpa Comhairleach go mba cheart go mbeadh paidreacha comhchoiteanna, machnaimh, iomainn, nó tionóil scoile, más ann dóibh, urramach do chreidiúintí agus do chultúr na bpáistí go léir, agus nach ceart go mbeidís ag teacht salach ar a gcearta bunreachtúla, ar a gcearta dlíthiúla ná ar a gcearta daonna.

### **Cuimsiú Sóisialta**

Bíodh is go n-aithnítear an deighilteacht shóisialta a bhí ag baint go dlúth leis an iliomad cinneadh phleanáil bhaile in Éirinn, rud atá le feiceáil taobh thiar de bhraisliú na scoileanna DEIS schools i gceantair áirithe uirbeacha, cuireann an Grúpa Comhairleach fáilte roimh fhógra an Aire i Meitheamh 2011 go mbeidh ar chomhlachtaí, atá ag dréim le bheith ina bpátrúin ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna nua, critéir éagsúlachta a shásamh, agus bheith in ann a dtiomantas don chomhionannas sóisialta agus reiligiúnach, agus don soláthar cothromasach ionad do mhic léinn na riachtanas speisialta oideachais, a léiriú.

Cuireann an Grúpa Comhairleach fáilte roimh thogra na Roinne léasanna 24-bliain ar shealúchais scoileanna a thairiscint d'iarratasóirí rathúla ar phátrúnacht na scoileanna nua, fad is a n-urramaíonn an pátrún riachtanais na Roinne maidir le héagsúlacht agus cuimsiú sóisialta. Is í tuiscint an Ghrúpa Chomhairligh go dtairgfear an léas ar scoileanna cónasctha nó dífheistithe ar na téarmaí céanna dá bpátrúin nua. Sa dá chás, is ceart don Roinn monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an éagsúlú pátrúnachta ar an méid ionadaíochta a dhéantar ar ghrúpaí mionlaigh i gcatagóirí éagsúla scoileanna.

## **Páistí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu**

Nótálann an Grúpa Comhairleach go bhfuil sé i measc na gcritéar atá leagtha síos ag an ROS ina doiciméad dar dáta Meitheamh 2011, faoi phátrúnacht scoileanna nua, go bhfuil riachtanas an-shainiúil ann le tiomantas chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a rollú, agus tacaíonn sé le polasaí na Roinne nach mbeadh cead ag scoileanna coinníollacha maidir le hacmhainní a bheith mar bhonn acu le páiste bhfuil riachtanais speisialta aige/aici a rollú.

## **Gearáin agus Achomhairc**

Bíodh is go n-admhaíonn an Grúpa Comhairleach go réiteofar formhór na ngearán ag an leibhéal áitiúil má bhíonn nósanna imeachta cuí ar bun, agus tacaíocht le boird scoileanna, ag an am céanna measann sé go bhfuil gá práinneach ann le córas reachtúil achomhairc a fhorbairt a bheadh éifeachtach, tráthúil, neamhsháraíochta, costas-éifeachtach.

D'fhéadfaí ról leathnaithe don Ombudsman do Pháistí a fhiosrú chun sanas cuí idirghabhála agus achomhairc a chur ar fáil do thuismitheoirí.

Measann an Grúpa Comhairleach go gcaithfí a chur san áireamh, agus na moltaí seo á gcur i bhfeidhm, forálacha Ailt 28 agus 29 den Acht Oideachais, 1998, ról Oifig an Ombudsman do Pháistí, mar atá sé agus mar a bheidh tar éis a leathnaithe, b'fhéidir, agus forálacha an Achta um Stádas Comhionann, 2000.

## **Oideachas Múinteoirí**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh cúrsa, dírithe ar eitic, ar mhoráltacht agus ar reiligiúin domhanda, éigeantach do na mic léinn uile chun iad a ullmhú do thabhairt isteach na gclár Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic atá molta, chomh maith le clár leathan-bhunaithe modheolaíochta reiligiúnaí a chur ar fáil. Ní éileofaí ar mhic léinn a bheadh ag diúltú go coinsiasach an cúrsa modheolaíochta reiligiúnaí a ghlacadh. Ach ba cheart go mbeadh an dá chúrsa ar fáil do gach mac léinn atá ag iarraidh iad a ghlacadh, chun iad a ullmhú don raon éagsúil tosca scoile inar féidir go mbeidh siad. Is ceart go mbeadh saoirse acadúil ag an bhfoireann sna coláistí chun an saineolas is fearr acu a úsáid chun na cláir seo a chumadh.

## **Fostú Múinteoirí**

Molann an Grúpa Comhairleach go mbeadh an deastuiscint, an stuamacht agus an tsolúbthacht mar chuid de na pléanna leis na múinteoirí ag an leibhéal áitiúil, agus is ceart gach dícheall a dhéanamh chun freastal ar a gcuid cúram proifisiúnta. Ba cheart go mbeadh sé indéanta, leis an dea-thoil agus leis an

gcomhoibriú, agus le húsáid sholúbtha an phróiseas ath-implonaithe, teacht ar shocruithe sásúla.

### **Iompar Scoile**

Molann an Grúpa Comhairleach gur ceart go mbeadh socruithe solúbthachta agus éascaíochta le fáil i gcónaí chun cabhrú, áit is gá, i gcúinsí aistriú pátrúnachta, go háirithe nuair a bhaineann sé le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, le páistí gur de chreidimh mhionlaigh iad agus le páistí atá ag freastal ar Ghaelscoileanna. Admhaíonn an Grúpa Comhairleach go laghdódh sé an gá le hiompar scoile do pháistí atá ag rochtain ar scoileanna eile, dá gcuirfeadh Scoil Saorsheasaimh cosaint ar fáil do chearta daonna daltaí trí phrótacal éagsúlachta na Roinne a ghlacadh chuici féin.

### **Straitéis Fhaisnéise agus Chumarsáide**

Molann an Grúpa Comhairleach go nglacfadh an Roinn chuici féin Straitéis Fhaisnéise agus Chumarsáide a mbeadh sé mar aidhm aici an éagsúlacht a chur chun cinn, ag baint úsáid di as raon éagsúil meán traidisiúnta agus leictreonach. Bíodh is gur ceart don Roinn an riachtanas a aithint le heolas a dhéanamh inrochtana do raon leathan tuismitheoirí, is ceart di freisin dul i muinín an TFC tuilleadh agus tuilleadh chun eolas a chur ar fáil i dtaobh an rogha scoileanna atá ann agus chun eolas a fháil ó thuismitheoirí.